Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Márta 2021**
**(OR. en)**

**6366/21**

**CES 1**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar comhalta de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa |

**CINNEADH (AE) 2021/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gceaptar comhalta de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 300(2) agus Airteagal 302 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/853 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don togra ó Phoblacht na Seice,

Tar éis di dul i gcomhairle leis an gCoimisiún Eorpach,

---

[1] IO L 139, 27.5.2019, lch. 15.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chuaigh téarma oifige chomhaltaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa in éag an 20 Meán Fómhair 2020.

(2) An 2 Deireadh Fómhair 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2020/1392[1] lena gceaptar comhaltaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2020 go dtí an 20 Meán Fómhair 2025, agus lena n-aisghairtear an Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhaltaí an Choiste sin don tréimhse chéanna.. An 22 Deireadh Fómhair 2020, an 30 Deireadh Fómhair 2020 agus an 13 Samhain 2020, ghlac an Chomhairle trí Chinneadh eile lena gceaptar comhaltaí de chuid an Choiste sin don tréimhse sin[2]. Fágadh suíochán amháin ar Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa do Phoblacht na Seice folamh agus is gá é a líonadh trí chinneadh ceapacháin ina dhiaidh sin.

---

[1] Cinneadh (AE) 2020/1392 ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2020 lena gceaptar comhaltaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2020 go dtí an 20 Meán Fómhair 2025, agus lena n- aisghairtear agus lena n- ionadaítear an Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhaltaí de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2020 go dtí an 20 Meán Fómhair 2025 a glacadh an 18 Meán Fómhair 2020 (IO L 322, 5.10.2020, lch. 1).

[2] Cinneadh (AE) 2020/1555 ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2020 lena gceaptar comhalta de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2020 go dtí an 20 Meán Fómhair 2025 (IO L 355, 26.10.2020, lch. 1), Cinneadh (AE) 2020/1636 ón gComhairle an 30 Deireadh Fómhair 2020 lena gceaptar comhalta de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2020 go dtí an 20 Meán Fómhair 2025 (IO L 369, 5.11.2020, lch. 1) agus Cinneadh (AE) 2020/1709 ón gComhairle an 13 Samhain 2020 lena gceaptar beirt chomhaltaí de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2020 go dtí an 20 Meán Fómhair 2025 (IO L 385, 17.11.2020, lch. 16).

(3) Le litir dar dáta an 7 Nollaig 2020, dhaingnigh Poblacht na Seice ainmniúchán Jaroslav UNGERMAN lena cheapadh mar chomhalta de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2020 go dtí an 20 Meán Fómhair 2025. Ba cheart an comhalta sin a cheapadh ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 20 Meán Fómhair 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar Jaroslav UNGERMAN, *Advisor and analyst specialised in economics and strategic planning*, ina chomhalta de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 20 Meán Fómhair 2025.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/i/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*